Prós Ainmnithe

Ceist Scrúdaithe

An Cearrbhach Mac Cába

A "Léirítear tréithe an bhéaloidis sa scéal, **AN CEARRBHACH MAC CÁBA.**"
Déan plé gairid air sin.

Freagra Samplach

Aontaím leis an ráiteas thuas. Tá go leor de thréithe an bhéaloidis le feiceáil sa ghearrscéal seo.

An Uimhir Trí: Is minic go mbíonn an uimhir trí lárnach do scéalta béaloidis. Sa scéal seo d'iarr an Cearrbhach Mac Cába trí achainí dhifriúla ar Dhia. Is minic freisin go mbíonn triúr príomhcharactar sna scéalta seo agus tá sé seo fíor i gcás an ghearrscéil seo. Is iad an CEARRBHACH; DIA agus an BÁS na príomhcharachtair.

Simplíocht: Tá simplíocht ag baint le plota agus le carachtair an scéil. Tá an choimhlint idir an mhaith agus an t-olc le feiceáil. Feicimid na tréithe daonna sa scéal seo: leisciúlacht an Chearrbhaigh Mhic Chába; éad an Chearrbhaigh, saint Mhic Chába; cineáltas an fhir chéanna nuair a thug sé cúnamh don leaidín óg a Phaidir a fhoghlaim; gliceas an Chearrbhaigh nuair a bhuail sé bob ar an mBás arís is arís eile. Cuirtear an Bás inár láthair mar ghnáthdhuine agus cuirtear Dia os ár gcomhair mar ghnáthdhuine chomh maith. Luaitear an domhan seo; ifreann agus na flaithis. Sea, déantar nasc idir an domhan nádúrtha agus an domhan osnádúrtha ar bhealach an-simplí.

Dochreidteacht: Tarlaíonn go leor eachtraí dochreidte sna scéalta béaloidis. Feicimid an Cearrbhach sa Spáinn i mbun dochtúireachta. Bhí bua an leighis aige – é ar an dochtúir is fearr ar domhan agus níor chaith sé fiú lá in aon ollscoil ag foghlaim na ceirde! Bhuail sé le Dia agus thug sé íde béil dó. Dúirt sé go raibh a chuid comharsan ag déanamh an-dul chun cinn sa saol ach go raibh seisean ag dul ar gcúl. Níor thug sé cead do Dhia a mhaicín óg a bhaisteadh ar dtús! D'éalaigh sé ón mBás arís is arís eile. Nuair a bhásaigh sé chuaigh sé go hifreann agus níor fhág sé *cent* ag na diabhail a bhí ann mar bhí bua an chearrbhachais faighte aige ó Dhia! Caitheadh as ifreann é! Anois, sin ceann maith ach ansin d'éirigh leis dul isteach sna flaithis. Ó, tá cártaí an Chearrbhaigh le feiceáil spréite ar charraig taobh amuigh de gheataí na bhflaitheas. Is é Peadar na nEochracha a scaoil isteach sna flaithis é nuair a ghlac sé trua dó! Tá dochreidteacht agus áibhéil ag baint leis na heachtraí seo agus táim cinnte dearfa gur bhain na gnáthdhaoine an-sult (an-phléisiúr; an-chraic; an-taitneamh) as na scéalta seo roimh theacht do ré an raidió agus na teilifíse.

Prós Ainmnithe

Rothag: Bhí na scéalta béaloidis de ghlanmheabhair ag na seanchaithe ach fós féin bhí siad ag brath ar an gcuimhne. Ciallaíonn "rothag" giota cainte a bhíodh foghlamtha ag na seanchaithe chun cur síos a dhéanamh ar thuras nó ar throid nó eachtra éigin eile. Tá neart samplaí de na rothaig sa scéal seo.

Ceist Scrúdaithe

B Cén carachtar is mó a raibh bá agat leis/léi sa ghearrscéal seo? Mínigh go gairid cén chaoi ar éirigh leis an údar do chomhbhá leis an phearsa seo a mhúscailt.

Freagra Samplach

Bhí bá agam leis an gCearrbhach Mac Cába. D'éirigh leis an údar mo chomhbhá leis an bpearsa seo a mhúscailt mar léirítear é mar ghnáthdhuine ar nós mé féin. Is daoine osnádúrtha na pearsana eile atá luaite: Dia; Peadar na nEochracha agus an Bás.

Is iontach an phearsa é an Cearrbhach. Cuirtear inár láthair é mar rógaire ach is rógaire geanúil é. Tá an-chraic ag baint leis. Chaith sé an oíche ag imirt cártaí agus chodail sé ansin i rith an lae. Bhí sé pósta ach ní féidir liom a rá go raibh sé freagrach mar fhear céile. Nuair a rugadh mac óg dá bhean, bhí an Cearrbhach as baile mar ba ghnách. Lig sé a chuid talún chun báine mar ní bhíodh sé ina shuí le linn an lae.

Músclaíodh an chomhbhá ionam freisin mar is breá linn go léir laoch agus is laoch é an Cearrbhach sa scéal seo. Ní raibh faitíos air roimh Dhia. Thug sé íde béil dó! D'éirigh leis constaicí (obstacles) móra eile an tsaoil seo a shárú. Bhí sé beo bocht ach d'éirigh sé an-saibhir ar fad de bharr na n-achainíocha a fuair sé ó Dhia. Fuair sé an lámh in uachtar ar an mBás arís is arís eile. Chuaigh sé go hifreann agus níor fhág sé an *cent* féin ag na diabhail a bhí ann. D'éirigh leis éalú as ifreann mar caitheadh amach as an áit sin é! D'éirigh leis ansin dul isteach sna Flaithis.

Bhain eachtraí áiféiseacha an Chearrbhaigh gáirí asam. Ní raibh ann ach fear bocht tuaithe ach d'éirigh go maith leis sa saol. Ba "dhochtúir" den scoth é agus chuaigh sé go dtí an Spáinn chun fear saibhir a leigheas.

Ba dhuine santach é mar bhris sé an margadh a bhí déanta aige leis an mBás (Diabhal) nuair a gheall bean an Spáinnigh cófra óir dó dá leigheasfadh sé a fear céile. Ba scéiméir glic cliste é mar bhuail sé bob ar an mBás arís is arís eile. É sin ráite, ba dhuine cineálta séimh é mar ghlac sé trua don bhuachaill óg a bhí ag caoineadh ar thaobh an bhealaigh mhóir. Mhúin sé an Phaidir dó don chéad Chomaoineach. Tá íoróin ag baint leis an eachtra seo mar ní buachaill óg a bhí ann ach an Bás. (Diabhail)

Léirítear an Cearrbhach mar chineál James Bond. Bhí sé dobhuailte i mbun cearrbhachais. Ní raibh a shárú le fáil i gcúrsaí leighis. Bhí an-choimhlint idir é féin agus an Bás ach d'éirigh leis "imeacht" as ifreann agus dul isteach sna flaithis. Bhí an-saol ar fad aige i mbun rógaireachta agus scéiméireachta. Is carachtar taitneamhach barrúil é, i mo thuairimse.

Prós Ainmnithe